



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Preaseisiúint le haghaidh an staidéir *Children's School Lives (CSL)*

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) fáilte inniu roimh fhoilsiú an chéad dá thuarascáil ón Staidéar *Children's School Lives*:

- *Children's School Lives – An Introduction, Report No. 1*
- *Experiences of Remote Teaching and Learning in Ireland During the COVID-19 Pandemic (March – May 2020).*

Is staidéar taighde spleodrach agus uathúil é *Children's School Lives (CSL)* a cuireadh ar bun in 2018, ina leantar 4,000 páiste in 189 scoil i rith a gcuid bunscolaíochta chun foghlaim, go mionsonrach, faoina dtaithí agus óna dtaithí. Baineann dearadh nuálach an staidéir agus cur chuige na modhanna measctha leas as saineolas agus taithí shuntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i dtaighde fadaimseartha. Tá sé á dhéanamh ag an Scoil Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath thar ceann CNCM.

Dúirt an tAire Oideachais Norma Foley, TD: “Cuirim fáilte roimh an taighde atá á fhoilsiú ag CNCM agus ag an Scoil Oideachais sa Choláiste Ollscoile, BÁC inniu, ar staidéar suntasach é ar oideachas na bunscoile in Éirinn. Tugann an taighde nuálach seo léargas sainiúil ar thaithí páistí bunscoile agus cuirfidh sé bonn eolais breise faoi dhéanamh beartas taobh istigh den réimse ríthábhachtach seo.”

Tugann Tuarascáil 1 eolas dúinn ar na páistí agus ar na scoileanna atá rannpháirteach i *Children's School Lives*. Tugtar mionsonraí dúinn faoi ghnéithe dá saol, rudaí amhail an áit inar rugadh iad; a máthairtheanga; acmhainní sóisialta, cultúrtha agus ábhartha; struchtúr a dteaghlaigh; an timpeallacht foghlama sa bhaile; agus an bhaint a bhíonn acu le gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tugtar léargas sa tuarascáil ar a dtaithí ar fhreastal ar an mbunscoil trí thorthaí a sholáthar ar nós:

- an fháil a bhíonn ag na páistí ar theicneolaíocht dhigiteach agus an úsáid a bhaineann siad aisti
- meon na bpáistí maidir lena bhfoghlaim in ábhair dhifriúla
- an ráta sástachta i measc múinteoirí ar a bheith ag teagasc ábhair dhifriúla.

I dTuarascáil 2, *Experiences of Remote Teaching and Learning in Ireland During the COVID-19 Pandemic (March – May 2020)*, faightear léargas ar an gcineál saoil a bhí ag páistí, ag a gceannairí scoile, ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí i lár na chéad dianghlasála in Éirinn in 2020. Bailíodh na sonraí don tuarascáil sin ar líne den chuid is mó. Ghlac 149 scoil, 123 príomhoide, 85 múinteoir, 418 tuismitheoir, agus 548 páiste ar an iomlán páirt ann. Tugtar léargas tábhachtach sa tuarascáil ar

- ullmhacht i gcomhair teagaisc agus foghlama go digiteach
- na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann leis an gcuraclam a mhúineadh
- rannpháirtíocht páistí i bhfoghlaim chianda chomh maith leis an taithí mhothúchánach a fuair siad ar an scolaíocht chianda.

Ag labhairt di faoi thábhacht an taighde d’obair CNCM, dúirt an tOllamh Mary O’Sullivan, Cathaoirleach na Comhairle: “Is mór mar a chuidíonn an dá thuarascáil le tiomantas CNCM fianaise thaighde a chomhroinnt go forleathan chun an plé náisiúnta agus idirnáisiúnta ar cheisteanna criticiúla san oideachas a spreagadh agus a threorú.” Ag labhairt di ar an ról tábhachtach a bheidh ag an staidéar in obair na Comhairle, dúirt Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CNCM, Arlene Forster: “Tá an staidéar *Children’s School Lives* ag rannchuidiú le bonn láidir fianaise d’athbhreithniú ardleibhéil CNCM ar churaclam na bunscoile agus ag cabhrú lena chinntiú go gcuirfear san áireamh go hiomlán taithí agus dearchtaí páistí ar cad atá tábhachtach dóibhsean ina saol. In éineacht le dearchtaí múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus pobal na scoile i gcoitinne, cuideoidh sé sin linn sa Chomhairle a chinntiú go mbeidh an chéad triall eile de churaclam na bunscoile in ann bunchloch láidir a leagan síos do pháistí chun go mbeidh rath orthu, go mbeidh siad faoi bhláth agus go mbeidh siad in ann a gcumas iomlán a bhaint amach le linn a n-óige agus níos faide amach ina saol. Ar an mbealach sin, tá an staidéar mar a bheadh droichead tábhachtach ann ag ceangal an méid a tharlaíonn sna seomraí ranga agus sna scoileanna le déanamh beartais.” Ag labhairt di faoi thábhacht an staidéir, dúirt an tOllamh Dympna Devine, Príomhthaighdeoir ar an staidéar i Scoil Oideachais an Choláiste Ollscoile, BÁC: “Tugann *Children’s School Lives* bonn láidir fianaise, atá fréamhaithe go speisialta i nguth na bpáistí, faoina bhfuil ag tarlú inár mbunscoileanna. Tarraingítear aird ann ar chomh lárnach leis na bunscoileanna don phobal in Éirinn, i rith géarchéim náisiúnta mar shampla, agus ar leithead agus éagsúlacht na taithí atá ar fud na hearnála bunscoile ar fad. Tugtar deis shainiúil dúinn lenár féidir linn greim a fháil ar an athrú sin a thagann ar thaithí páistí le himeacht aimsire, rud a bheidh fíorthábhachtach d’athchóiriú curaclaim fianaise-bhunaithe.”

Tá CNCM fíorbhuíoch de na páistí, dá dtuismitheoirí agus dá dteaghlaigh, agus dá múinteoirí agus dá gceannairí scoile ar fad sna scoileanna a bhí rannpháirteach ar fud na tíre as a bheith sásta a gcuid scéalta a roinnt i gcaitheamh an staidéir.

Glacann CNCM buíochas agus tugann moladh mór freisin d'obair Fhoireann Taighde an Choláiste Ollscoile, BÁC agus tá an Chomhairle ag tnúth le tuarascálacha bliantúla ón staidéar amach anseo ionas gur féidir linn leanúint orainn ag foghlaim, go mionsonraithe, faoi thaithí bheo na bpáistí ar an mbunscoil.

Na meáin shóisialta:

@cslstudyUCD

@ncca.ie

@schoolofEdUCD

#primarydevelopments

<CRÍOCH>

Nótaí d'Eagarthóirí

Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise ar an *Staidéar Children's School Lives (CSL)* ach cuairt a thabhairt ar www.cslstudy.ie

Is féidir *Year One Report* agus *Experiences of Remote Teaching and Learning in Ireland During the COVID-19 Pandemic (March – May 2020)* a fháil ar an suíomh gréasáin seo.

Teagmhálacha:

An tOllamh Dympna Devine, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar 086 3713058 nó dympna.devine@ucd.ie

An tOllamh Comhlach Jennifer Symonds, Scoil Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar 089 4086916 nó Jennifer.symonds@ucd.ie

Arlene Forster, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, CNCM, ar 087 635 3658 nó arlene.forster@ncca.ie

Faisnéis chúlra maidir leis an staidéar:

Seoladh an staidéar *Children's School Lives* (CSL) an 25 Deireadh Fómhair 2018 agus tá tábhacht mhór leis toisc gurb é an chéad staidéar é atá ionadaíoch go náisiúnta ar thaithí na bunscoile le páistí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí nasctha le chéile ag seomraí ranga agus scoileanna. Is í an Scoil Oideachais, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) a rinne an staidéar thar ceann na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tá na páistí iad féin – a dtaithí féin agus a nguth féin – i gcroílár an staidéir úrnua seo. Is é an chéad staidéar dá leithéid in Éirinn é, agus tugann an taighde léargas saibhir agus domhain ar shaol an pháiste ar an mbunscoil sa dara scór bliain den 21ú haois. Bíonn caidrimh ag croí na taithí oideachais ardchaighdeán i gcéad bhlianta an pháiste agus tá an staidéar ag cabhrú chun léargas a thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn taithí páistí scoileanna, agus a múnlaíonn na scoileanna an taithí sin, mar phobail, mar institiúidí agus mar chóras.

Leantar dhá chohórt páistí sa staidéar. Thosaigh cohórt amháin an staidéar sa bhliain réamhscoile sula ndeachaigh siad ar scoil agus críochnóidh siad i rang a dó, agus thosaigh an dara cohórt i rang a dó sa bhunscoil agus críochnóidh siad sa chéad bhliain san iar-bhunscoil. Díritear ar théamaí mar rannpháirtíocht; cultúir scoile agus teagaisc; aistrithe; folláine; comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú; agus torthaí foghlama, agus cuireann *Children's School Lives* ar ár gcumas cloisteáil ó na páistí féin ar fud an daonra scoile éagsúil sin. Díritear freisin sa staidéar ar ghuth a gcuid múinteoirí, a gceannairí scoile, a dtuismitheoirí agus, i roinnt cásanna, na seantuismitheoirí de réir mar a fhoghlaimimid faoi thaithí na bpáistí ar bhogadh ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, faoi bheith ag fás agus ag foghlaim ar feadh na n-ocht mbliana sa bhunscoil, agus iad ag aistriú chuig an iar-bhunscoil ansin.